Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Bealtaine 2022**
**(OR. en)**

**9089/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0145(NLE)**

**ENFOPOL 260**
**CT 82**
**RELEX 647**
**JAI 646**
**NZ 1**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Bealtaine 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 207 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, de pháirt amháin, agus an Nua-Shéalainn, den pháirt eile, maidir le malartú sonraí pearsanta idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis na Nua-Shéalainne atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 207 final.

Faoi iamh: COM(2022) 207 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.5.2022
COM(2022) 207 final

2022/0145 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le síniú an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, de pháirt amháin, agus an Nua-Shéalainn, den pháirt eile, maidir le malartú sonraí pearsanta idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis na Nua-Shéalainne atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo le síniú, chun leas an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe leis an Nua-Shéalainn maidir le sonraí pearsanta a mhalartú idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis na Nua-Shéalainne atá inniúil chun coireacht thromchúiseach agus sceimhlitheoireacht a chomhrac.

Is é is aidhm don Chomhaontú aistriú sonraí pearsanta idir Europol agus údaráis inniúla na Nua-Shéalainne a cheadú, d'fhonn gníomhaíocht údaráis Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus údaráis na Nua-Shéalainne a thacú agus a neartú, agus mar an gcéanna i gcás a gcomhair fhrithpháirtigh chun cionta coiriúla, lena n-áirítear coireacht thromchúiseach agus sceimhlitheoireacht, a chosc agus a chomhrac, agus coimircí iomchuí á n-áirithiú ag an am céanna maidir le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha daoine aonair, lena n-áirítear príobháideachas agus cosaint sonraí. Ba cheart tús áite a thabhairt do mhalartú faisnéise trasteorann idir na gníomhaireachtaí ábhartha uile forfheidhmithe dlí, laistigh den Aontas Eorpach agus le comhpháirtithe domhanda, chun an sceimhlitheoireacht a chosc agus a chomhrac, chun cur isteach ar an gcoireacht eagraithe agus chun an chibearchoireacht a chomhrac. Sa chiall sin, tá an comhar leis an Nua-Shéalainn i réimse fhorfheidhmiú an dlí fíorthábhachtach chun cabhrú leis an Aontas Eorpach a leasanna slándála a chosaint tuilleadh.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

I saol domhandaithe ina bhfuil an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht ag éirí níos trasnáisiúnta agus ilchineálaí, ba cheart údaráis forfheidhmithe dlí a bheith in ann comhoibriú go hiomlán le comhpháirtithe seachtracha chun slándáil a saoránach a áirithiú. Dá bhrí sin, ba cheart Europol a bheith in ann sonraí pearsanta a mhalartú le húdaráis forfheidhmithe dlí i dtríú tíortha a mhéad is gá chun a chuid cúraimí a chomhlíonadh i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i Rialachán 2016/794 an 11 Bealtaine 2016[1].

Is féidir le Europol sonraí pearsanta a mhalartú le tríú tíortha nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta ar bhonn:

- Comhaontuithe comhair a tugadh chun críche idir Europol agus na tíortha comhpháirtíochta sular tháinig Rialachán reatha Europol i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2017.

Ón 1 Bealtaine 2017:

- Cinneadh ón gCoimisiún lena gcinntear go n-áirithíonn an tír nó an eagraíocht idirnáisiúnta i dtrácht leibhéal leordhóthanach cosanta sonraí ('cinneadh leordhóthanachta');
- In éagmais cinneadh leordhóthanachta, comhaontú idirnáisiúnta lena dtugtar coimircí leordhóthanacha i ndáil le príobháideachas agus cearta agus saoirsí bunúsacha daoine aonair a chosaint. Faoin mbunús dlí atá ann faoi láthair, tá an Coimisiún freagrach anois, thar ceann an Aontais, as comhaontuithe idirnáisiúnta den sórt sin a chaibidliú.

[1] Rialachán (AE) 2016/794 an 11 Bealtaine 2016, IO L 135, 24.5.2016, lch. 53.

A mhéid is gá chun a chuid cúraimí a chomhlíonadh, féadfaidh Europol freisin caidreamh comhair a bhunú agus a choimeád le comhpháirtithe seachtracha trí shocruithe oibre agus riaracháin nach féidir leo féin a bheith ina mbunús dlí chun sonraí pearsanta a mhalartú.

Sa 11ú tuarascáil ar dhul chun cinn i dtreo fíor-Aontas Slándála éifeachtach[2], d'aithin an Coimisiún ocht dtír tosaíochta[3] i Réigiúin an Mheánoirthir/na hAfraice Thuaidh (MENA) ar bhonn na bagartha sceimhlitheoireachta, na ndúshlán a bhaineann le himirce, agus riachtanais oibríochtúla Europol chun tús a chur leis an gcaibidlíocht. An straitéis pholaitiúil mar a leagtar amach sa Chlár Oibre Eorpach maidir leis an tSlándáil[4], na Conclúidí ón gComhairle[5], an Straitéis Dhomhanda[6], riachtanais oibríochtúla na n-údarás forfheidhmithe dlí ar fud an Aontais Eorpaigh, agus na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil le dluthchomhar idir Europol agus údaráis inniúla na Nua-Shéalainne sa réimse sin, mar a léiríodh freisin leis an obair leantach a rinneadh i dtaobh ionsaí Christchurch a rinneadh i mí an Mhárta 2019, measann an Coimisiún, agus an méid sin uile á gcur san áireamh, go bhfuil sé riachtanach go bhféadfaidh Europol sonraí pearsanta a mhalartú leis na húdaráis atá inniúil sa Nua-Shéalainn chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac.

Shínigh Europol agus Póilíní na Nua-Shéalainne socrú oibre i mí Aibreáin 2019[7]. Chuir sé sin creat ar fáil le haghaidh comhar struchtúrtha, lena n-áirítear líne shlán lena gcumasaítear cumarsáid dhíreach idir an dá pháirtí mar aon le himscaradh oifigigh idirchaidrimh ag an Nua-Shéalainn in Europol. Mar sin féin, ní fhoráiltear leis an socrú oibre sin maidir le bunús dlí chun sonraí pearsanta a mhalartú. I bhfianaise an mhéid sin, thíolaic an Coimisiún moladh an 30 Deireadh Fómhair 2019, inar moladh go n-údaródh an Chomhairle tús a chur le caibidlíocht le haghaidh comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn maidir le sonraí pearsanta a mhalartú idir Europol agus údaráis na Nua-Shéalainne atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac[8]. An 13 Bealtaine 2020, thug an Chomhairle údarás don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht leis an Nua-Shéalainn agus ghlac sí treoracha caibidlíochta[9] [10].

Cuireadh tús leis an gcaibidlíocht i mí Aibreáin 2021 in atmaisféar cairdiúil agus cuiditheach. Tar éis an ceathrú babhta caibidlíochta, arbh é an babhtha deiridh caibidlíochta, a tionóladh i mí Mheán Fómhair 2021, tháinig an dá Pháirtí ar théarmaí i leith fhorálacha an Chomhaontaithe. Chuir na príomhchaibidleoirí inisealacha le dréacht-téacs an Chomhaontaithe i mí na Samhna 2021.

- **Comhsheasmhacht le beartais an Aontais atá ann cheana**

Rinneadh an Comhaontú a chaibidliú i gcomhréir leis na treoracha cuimsitheacha caibidlíochta a ghlac an Chomhairle an 13 Bealtaine 2020. Tá an Comhaontú seo

---

2 COM(2017) 608 final, 18.10.2017.

3 An Ailgéir, an Éigipt, an Iordáin, Iosrael, an Liobáin, Maracó, an Túinéis agus an Tuirc.

4 COM(2015) 185 final.

5 Doiciméad 10384/17/CE ón gComhairle, an 19 Meitheamh 2017.

6 Fís Chomhroinnte, Comhghníomhaíocht: Eoraip níos Láidre - Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh maidir leis an mBeartas Eachtrach agus Slándála http://europa.eu/globalstrategy/en.

7 Socrú Oibre lena mbunaítear caidreamh comhair idir Póilíní na Nua-Shéalainne agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí https://www.europol.europa.eu/cms/sites/default/files/documents/working_arrangement_europol-new_zealand.pdf.

8 COM(2019) 551 final.

9 Cinneadh 7047/20 ón gComhairle an 23 Aibreán 2020, agus Doiciméad CM 2178/20 ón gComhairle, 13 Bealtaine 2020.

10 Aguisín a ghabhann le Cinneadh 7047/20 ADD 1, 24 Aibreán 2020 ón gComhairle.

comhsheasmhach freisin le beartas an Aontais atá ann cheana sa réimse i ndáil le comhar i bhforfheidhmiú an dlí. Le blianta beaga anuas, rinneadh dul chun cinn chun feabhas a chur ar an malartú faisnéise idir na Ballstáit agus chun an spás ina n-oibríonn sceimhlitheoirí agus coirpigh thromchúiseacha a dhúnadh. Tá doiciméid straitéiseacha reatha an Choimisiúin mar bhonn agus mar thaca ag an ngá atá le feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht an chomhair i bhforfheidhmiú an dlí san Aontas, chomh maith leis an gcomhar le tríú tíortha a leathnú. Tá an togra i gcomhréir le straitéis an Aontais um Aontas Slándála[11], leis an gclár oibre frithsceimhlitheoireachta don Aontas[12] agus le straitéis an Aontais chun dul i ngleic leis an gcoireacht eagraithe[13].

Baineann sraith ar leith coimircí, go háirithe na cinn a léirítear i gCaibidil II den Chomhaontú, le cosaint sonraí pearsanta, ar ceart bunúsach é a chumhdaítear i gConarthaí AE agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir le pointe (b) d’Airteagal 25(1) de Rialachán Europol, féadfaidh Europol sonraí pearsanta a aistriú chuig údarás tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta ar bhonn comhaontú idirnáisiúnta arna thabhairt i gcrích idir an tAontas agus an tríú tír sin nó an eagraíocht idirnáisiúnta sin de bhun Airteagal 218 CFAE lena dtugtar coimircí leordhóthanacha i dtaobh príobháideachas agus cearta agus saoirsí bunúsacha daoine aonair a chosaint. I gCaibidil II den Chomhaontú déantar foráil maidir leis na coimircí sin, lena n-áirítear, go háirithe, forálacha lena n-áirithítear roinnt prionsabal agus oibleagáidí cosanta sonraí nach mór do na Páirtithe a urramú (Airteagail 3,4,5,7,8,11,12,13,14 agus 15), chomh maith le forálacha lena n-áirithítear cearta aonair in-fhorfheidhmithe (Airteagail 6, 10 agus 11), maoirseacht neamhspleách (Airteagal 16) agus sásamh éifeachtach riaracháin agus breithiúnach i leith sáruithe ar na cearta agus na coimircí a aithnítear sa Chomhaontú mar thoradh ar phróiseáil sonraí pearsanta (Airteagal 17).

Is gá cothromaíocht a bhaint amach idir slándáil a fheabhsú agus cearta an duine a chosaint, lena n-áirítear sonraí agus príobháideachas. D’áirithigh an Coimisiún go dtugann an Comhaontú coimircí leordhóthanacha maidir le príobháideachas agus cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha daoine aonair a chosaint, chomh maith le foras dlíthiúil chun sonraí pearsanta a mhalartú chun coireacht thromchúiseach agus sceimhlitheoireacht a chomhrac.

Thairis sin, is dlúth-chomhpháirtithe iad an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn. Leis an gComhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn maidir le Caidreamh agus Comhar, a síníodh an 5 Deireadh Fómhair 2016, léirítear comhpháirtíocht neartaithe idir na Páirtithe, rud a dhéanann an comhar maidir le saincheisteanna leasa choitinn a dhoimhniú agus a fheabhsú, lena léirítear luachanna coiteanna agus comhphrionsabail. Ní hamháin go gcumhdaítear leis an gComhaontú forálacha chun trádáil a éascú, ach tá roinnt forálacha ann freisin ina ngeallann na Páirtithe go gcomhoibreoidh siad i réimsí amhail forfheidhmiú an dlí, imirce agus tearmann, coireacht eagraithe, éilliú, drugaí, cibearchoireacht, sciúradh airgid, sceimhlitheoireacht agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac. Tá an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn ina gcomhpháirtithe freisin ag an bhFóram Frithsceimhlitheoireachta Domhanda (GCTF), ar fóram idirnáisiúnta é ina bhfuil 29 dtír mar aon leis an Aontas ag a bhfuil misean uileghabhálach leochaileacht daoine ar fud an domhain i dtaca le sceimhlitheoireacht a laghdú trí ghníomhartha sceimhlitheoireachta a chosc, a chomhrac agus a ionchúiseamh agus trí chur i gcoinne gríosú chun sceimhlitheoireachta agus earcú sceimhlitheoirí. Ina theannta sin, oibríonn an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn i ndlúthchomhar le chéile maidir le saincheisteanna

[11] COM(2020) 605 final, 24.7.2020.
[12] COM(2020) 795 final, 9.12.2020.
[13] COM(2021) 170 final, 14.4.2021.

eachtracha agus slándála agus téann siad i mbun idirphlé rialta polaitiúil agus slándála. Áirítear ar an idirphlé sin comhairliúcháin rialta ar leibhéal na n-airí agus na n-oifigeach sinsearach. Ghlac an Nua-Shéalainn páirt freisin i roinnt oibríochtaí bainistithe géarchéime de chuid an Aontais, mar shampla in Oibríocht Atalanta (an phíoráideacht i gCorn na hAfraice) in 2014.

## 3. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra seo bunaithe ar Airteagal 16(2) agus ar Airteagal 88, in éineacht le hAirteagal 218(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Le Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB[14] ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin (‘Rialachán Europol’ ina dhiaidh seo), leagtar síos rialacha sonracha maidir le haistriú sonraí pearsanta lasmuigh den Aontas ag Europol. Le hAirteagal 25(1) de liostaítear roinnt foras dlíthiúil, ar dá mbun is féidir le Europol sonraí pearsanta a aistriú go dleathach chuig údaráis tríú tíortha. Féidearthacht amháin is ea cinneadh leordhóthanachta ón gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 36 de Threoir (AE) 2016/680 ina gcinntear go n-áirithíonn an tríú tír a n-aistríonn Europol sonraí pearsanta chuici leibhéal leordhóthanach cosanta. Ós rud é nach bhfuil cinneadh leordhóthanachta ná comhaontú maidir le comhar oibríochtúil i bhfeidhm leis an Nua-Shéalainn faoi láthair, is é an rogha eile le haghaidh aistrithe struchtúracha sonraí pearsanta ag Europol chuig an Nua-Shéalainn comhaontú idirnáisiúnta ceangailteach a thabhairt i gcrích idir an tAontas agus an Nua-Shéalainn, comhaontú ina dtugtar coimircí leordhóthanacha i ndáil le príobháideachas agus cearta agus saoirsí bunúsacha eile daoine aonair a chosaint.

Dá réir sin, tagann an Comhaontú faoi réim inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais. Dá bhrí sin, féadfar an Comhaontú a shíniú, thar ceann an Aontais, ar bhonn Airteagal 218(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Neamhbhainteach.

- **Comhréireacht**

Cuspóirí an Aontais maidir leis an togra seo a leagtar amach thuas, ní féidir iad a bhaint amach ach amháin trí chomhaontú idirnáisiúnta ceangailteach a dhéanamh lena bhforáiltear maidir leis na bearta comhair is gá agus cosaint iomchuí ar chearta bunúsacha á háirithiú ag an am céanna. Tá forálacha an chomhaontaithe teoranta don mhéid is gá chun na príomhchuspóirí atá leis a bhaint amach. Ní rogha mhalartach í an ghníomhaíocht aontaobhach toisc nach dtabharfaí bonn leordhóthanach léi le haghaidh chomhar na bpóilíní le

[14] IO L 135, 24.5.2016, lch. 153.

tíortha nach Ballstáit den Aontas iad ná ní fhéadfaí an chosaint is gá ar chearta bunúsacha a áirithiú léi.

- **An rogha ionstraime**

Neamhbhainteach.

## 4. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX-POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Neamhbhainteach.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Le linn na caibidlíochta, níor bhain an Coimisiún úsáid as saineolas seachtrach.

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach.

- **Cearta bunúsacha**

Is dócha go mbeidh tionchar ag malartú sonraí pearsanta ar chosaint sonraí; mar a fhoráiltear sa Chomhaontú, áfach, beidh sé faoi réir na rialacha agus na nósanna imeachta láidre céanna atá i bhfeidhm cheana féin chun na sonraí sin a phróiseáil, i gcomhréir le dlí an Aontais.

Déantar foráil i gCaibidil II maidir le sonraí pearsanta a chosaint. Ar an mbonn sin, le hAirteagal 3 agus Airteagail 4 go 17, leagtar amach na prionsabail bhunúsacha maidir le cosaint sonraí, lena n-áirítear teorannú de réir cuspóra, cáilíocht sonraí agus rialacha is infheidhme maidir le próiseáil catagóirí speisialta sonraí, oibleagáidí is infheidhme maidir le rialaitheoirí, lena n-áirítear oibleagáidí maidir le tréimhsí coinneála, taifid a choimeád, an tslándáil agus aistrithe ar aghaidh, cearta aonair in-fhorfheidhmithe, lena n-áirítear cearta maidir le rochtain, ceartú agus cinnteoireacht uathoibrithe, maoirseacht neamhspleách éifeachtach mar aon le sásamh riaracháin agus breithiúnach. Cumhdaíonn na coimircí gach cineál próiseála sonraí pearsanta i gcomhthéacs an chomhair idir Europol agus an Nua-Shéalainn. Féadfar feidhmiú ceart aonair áirithe a mhoilliú, a theorannú nó a dhiúltú i gcás inar gá, is réasúnach agus is comhréireach, agus cearta agus leasanna bunúsacha an ábhair sonraí á gcur san áireamh, go háirithe chun riosca d’imscrúdú coiriúil nó d’ionchúiseamh coiriúil atá ar siúl a chosc, rud atá i gcomhréir le dlí an Aontais freisin.

Ina theannta sin, áiritheoidh an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn araon go ndéanfaidh údarás poiblí neamhspleách atá freagrach as cosaint sonraí (údarás maoirseachta) maoirseacht ar ábhair a dhéanann difear do phríobháideachas daoine aonair d’fhonn cearta agus saoirsí bunúsacha daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta.

Le hAirteagal 29 neartaítear éifeachtacht na gcoimircí sa Chomhaontú trí fhoráil a dhéanamh d’athbhreithnithe comhpháirteacha ar a chur chun feidhme go tráthrialta. Áireofar ar na foirne meastóireachta saineolaithe ábhartha maidir le cosaint sonraí agus forfheidhmiú an dlí.

Mar choimirce bhreise, de bhun Airteagal 19, mír 15, i gcás sárú ábhartha nó neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí a eascraíonn as forálacha an Chomhaontaithe, is féidir an Comhaontú a chur ar fionraí. Aon sonraí pearsanta a aistríodh roimh an bhfionraí, caithfear leo fós i gcomhréir leis an gComhaontú. Ina theannta sin, i gcás fhoirceannadh an Chomhaontaithe, leanfar de shonraí pearsanta a aistrítear roimh fhoirceannadh an Chomhaontaithe a phróiseáil i gcomhréir le forálacha an Chomhaontaithe.

Thairis sin, ráthaítear leis an gComhaontú go bhfuil an malartú sonraí pearsanta idir Europol agus an Nua-Shéalainn comhsheasmhach le prionsabal an neamh-idirdhealaithe agus le hAirteagal 52(1) den Chairt araon, lena n-áirithítear go mbeidh an cur isteach ar chearta bunúsacha a d’fhéadfadh teacht astu teoranta dá bhfuil fíor-riachtanach chun cuspóirí an leasa ghinearálta atá á saothrú a chomhlíonadh, faoi réir phrionsabal na comhréireachta.

## 5. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht bhuiséadach ar bhuiséad an Aontais.

## 6. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Níl aon ghá le plean cur chun feidhme, ós rud é go dtiocfaidh an Comhaontú i bhfeidhm ar an dáta ar a bhfaighfear an fógra deireanach i scríbhinn lena dtabharfaidh an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn fógra dá chéile trí bhealaí taidhleoireachta go bhfuil a nósanna imeachta féin curtha i gcrích.

Maidir le faireachán, déanfaidh an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn athbhreithniú comhpháirteach ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe bliain amháin tar éis dó teacht i bhfeidhm, agus go tráthrialta ina dhiaidh sin, agus ina theannta sin, má iarrann ceachtar den dá pháirtí amhlaidh agus má chinntear go comhpháirteach é.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Le hAirteagal 1 áirítear cuspóir an Chomhaontaithe.

Le hAirteagal 2 áirítear sainmhínithe an Chomhaontaithe.

Le hAirteagal 3 áirítear na cuspóirí le haghaidh sonraí pearsanta a phróiseáil.

Le hAirteagal 4 leagtar amach na prionsabail ghinearálta maidir le cosaint sonraí nach mór don Aontas Eorpach agus don Nua-Shéalainn a urramú.

Le hAirteagal 5 déantar foráil maidir le catagóirí speisialta sonraí pearsanta agus maidir le catagóirí éagsúla ábhar sonraí, amhail sonraí pearsanta i ndáil le híospartaigh ciona choiriúil, finnéithe nó daoine eile a fhéadann faisnéis a sholáthar maidir le cionta coiriúla, nó maidir le daoine faoi bhun 18 mbliana d’aois.

Le hAirteagal 6 déantar foráil maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil go huathoibríoch.

Le hAirteagal 7 leagtar amach bonn le haghaidh na sonraí pearsanta a fhaightear a aistriú ar aghaidh.

Le hAirteagal 8 déantar foráil maidir le measúnú a dhéanamh ar iontaofacht fhoinse na faisnéise agus ar chruinneas na faisnéise.

Le hAirteagal 9 déantar foráil maidir leis an gceart rochtana, ag áirithiú go bhfuil sé de cheart ag an ábhar sonraí, ag eatraimh réasúnta, faisnéis a fháil maidir le cé acu a dhéantar nó nach ndéantar sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi a phróiseáil faoin gComhaontú.

Le hAirteagal 10 déantar foráil maidir leis an gceart go ndéanfaí ceartú, scriosadh, agus srianadh, lena n-áirithítear go bhfuil an ceart ag an ábhar sonraí a iarraidh ar na húdaráis inniúla sonraí pearsanta míchruinne a bhaineann leis an ábhar sonraí a aistríodh faoin gComhaontú a cheartú.

Le hAirteagal 11 déantar foráil maidir le fógra a thabhairt faoi shárú i ndáil le sonraí pearsanta a aistrítear faoin gComhaontú, ag áirithiú go dtabharfaidh na húdaráis inniúla faoi seach fógra dá chéile agus dá n-údarás maoirseachta faoi seach faoin sárú sin gan mhoill, agus go ndéanfar bearta chun na héifeachtaí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ag an sárú sin a mhaolú.

Le hAirteagal 12 déantar foráil maidir le sárú i ndáil le sonraí pearsanta a chur in iúl don ábhar sonraí, ag áirithiú go gcuirfidh údaráis inniúla an dá Pháirtí sa Chomhaontú in iúl don ábhar sonraí gan moill mhíchuí i gcás sárú i ndáil le sonraí pearsanta ar dócha éifeacht dhíobhálach thromchúiseach a bheith aige ar chearta agus ar shaoirsí an duine sin.

Le hAirteagal 13 déantar foráil maidir le sonraí pearsanta a stóráil, a athbhreithniú, a cheartú agus a scriosadh.

Le hAirteagal 14 déantar foráil maidir le logaí a choinneáil i ndáil le sonraí pearsanta a bhailiú, a athrú, a rochtain, a nochtadh lena n-áirítear aistrithe ar aghaidh, a chomhcheangal agus a scriosadh.

Le hAirteagal 15 déantar foráil maidir le slándáil sonraí, ag áirithiú go ndéantar bearta teicniúla agus eagraíochtúla a chur chun feidhme chun sonraí pearsanta a mhalartaítear faoin gComhaontú seo a chosaint.

Le hAirteagal 16 déantar foráil maidir leis an údarás maoirseachta, ag áirithiú gur ann d'údarás poiblí neamhspleách atá freagrach as cosaint sonraí (údarás maoirseachta) chun maoirseacht a dhéanamh ar ábhair a dhéanann difear do phríobháideachas daoine aonair, lena n-áirítear na rialacha intíre chun cearta agus saoirsí bunúsacha daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta.

Le hAirteagal 17 déantar foráil maidir le sásamh riaracháin agus breithiúnach, ag áirithiú go bhfuil an ceart ag ábhair sonraí sásamh éifeachtach riaracháin agus breithiúnach a fháil mar gheall ar sháruithe ar na cearta agus ar na coimircí a aithnítear sa Chomhaontú, sáruithe a eascraíonn as próiseáil a sonraí pearsanta.

Le hAirteagal 18 déantar foráil maidir le díospóidí a réiteach, ag áirithiú i gcás na ndíospóidí ar fad a thiocfaidh chun cinn i ndáil le léirthuiscint, feidhmiú nó cur chun feidhme an Chomhaontaithe agus aon ábhar lena mbaineann, go ndéanfar comhairliúcháin agus caibidlíocht ina leith idir ionadaithe an Aontais Eorpaigh agus an Nua-Shéalainn d'fhonn teacht ar réiteach a bheidh comhaontaithe go frithpháirteach.

Le hAirteagal 19 déantar foráil maidir le clásal maidir le fionraí.

Le hAirteagal 20 déantar foráil maidir leis an gComhaontú a fhoirceannadh.

Le hAirteagal 21 déantar foráil maidir leis an gcaidreamh le hionstraimí idirnáisiúnta eile, ag áirithiú nach ndéanfaidh an Comhaontú dochar ná difear do na forálacha dlíthiúla maidir leis

an malartú faisnéise dá bhforáiltear in aon chonradh, comhaontú, nó socrú idir an Nua-Shéalainn agus aon Bhallstát den Aontas Eorpach.

Le hAirteagal 22 déantar foráil maidir leis na socruithe riaracháin a chur chun feidhme.

Le hAirteagal 23 déantar foráil maidir leis na socruithe riaracháin i dtaca le rúndacht, lena n-áirithítear go rialófar malartú faisnéise rúnaicmithe de chuid an Aontais, faoin gComhaontú más gá, le Socrú Riaracháin maidir le Rúndacht, arna thabhairt i gcrích idir Europol agus údaráis inniúla na Nua-Shéalainne.

Le hAirteagal 24 déantar foráil maidir leis na pointí teagmhála náisiúnta agus na hoifigigh idirchaidrimh náisiúnta.

Le hAirteagal 25 déantar foráil maidir le costais an Chomhaontaithe.

Le hAirteagal 26 déantar foráil maidir leis an bhfógra um chur chun feidhme an Chomhaontaithe.

Le hAirteagal 27 déantar foráil maidir le teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

Le hAirteagal 28 déantar foráil maidir le leasuithe ar an gComhaontú agus maidir le forlíontaí air.

Le hAirteagal 29 déantar foráil maidir le hathbhreithniú agus meastóireacht a dhéanamh ar an gComhaontú.

Le hAirteagal 30 déantar foráil maidir le hinfheidhmeacht chríochach an Chomhaontaithe, ag áirithiú go bhfuil feidhm aige maidir leis an gcríoch ina bhfuil feidhm ag an gConradh ar an Aontas Eorpach agus ag an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus maidir le críoch na Nua-Shéalainne.

2022/0145 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le síniú an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, de pháirt amháin, agus an Nua-Shéalainn, den pháirt eile, maidir le malartú sonraí pearsanta idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis na Nua-Shéalainne atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 16(2), 88 agus 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, déantar foráil go [15]bhféadfaidh Europol sonraí pearsanta a aistriú chuig údarás tríú tír *inter alia* ar bhonn comhaontú idirnáisiúnta arna thabhairt i gcrích idir an tAontas agus an tríú tír sin de bhun Airteagal 218 CFAE lena dtugtar coimircí leordhóthanacha i dtaobh príobháideachas agus cearta agus saoirsí bunúsacha daoine aonair a chosaint.

(2) An 13 Bealtaine 2020, thug an Chomhairle údarás don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht leis an Nua-Shéalainn chun teacht ar chomhaontú maidir le sonraí pearsanta a mhalartú idir Europol agus údaráis na Nua-Shéalainne atá inniúil as coireacht thromchúiseach agus sceimhlitheoireacht a chomhrac.

(3) Tugadh an chaibidlíocht maidir leis an gComhaontú chun críche go rathúil idir an tAontas Eorpach, de pháirt amháin, agus an Nua-Shéalainn, den pháirt eile, maidir le malartú sonraí pearsanta idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis na Nua-Shéalainne atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac (‘an Comhaontú’) agus ina dhiaidh sin rinneadh téacs an Chomhaontaithe ar cuireadh inisealacha leis a mhalartú, agus fuarthas é sin an 3 Nollaig 2021.

(4) Áirithítear leis an gComhaontú go n-urramófar ina n-iomláine cearta bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe an ceart go n-urramófaí an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh, ceart a aithnítear in Airteagal 7 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, ceart a aithnítear in Airteagal 8 agus an ceart chun leighis éifeachtaigh agus chun trialach córa, ar ceart é a aithnítear in Airteagal 47 den Chairt sin.

---

[15] Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53).

(5) Ní dhéanann an Comhaontú difear d'aistriú sonraí pearsanta nó cineálacha eile comhair idir na húdaráis atá freagrach as an tslándáil náisiúnta a chosaint, agus tá sé gan dochar don aistriú sin.

(6) ['I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.'

NÓ

'I gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag Éirinn [, le litir an...,] gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo.' nó 'Tá Éire faoi cheangal ag [beart inmheánach an Aontais] agus tá sí, dá bhrí sin, rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo.'].

(7) ['I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, Prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.].

(8) Dá bhrí sin, ba cheart an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt amháin, agus an Nua-Shéalainn, den pháirt eile, maidir le malartú sonraí pearsanta idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis na Nua-Shéalainne atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac ('an Comhaontú') a fhormheas thar ceann an Aontais, faoi réir thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin.

Tá téacs an Chomhaontaithe atá le síniú ceangailte leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Bunóidh Ardrúnaíocht na Comhairle an ionstraim lánchumhachtaí chun an Comhaontú a shíniú, faoi réir a thabhairt chun críche, do na daoine a thugann an Coimisiún le fios.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*